Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 21 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10514/22**

**AELE 31**
**EEE 33**
**N 48**
**ISL 23**
**FL 23**
**AND 3**
**MC 3**
**SM 3**
**FEROE 10**
**MI 499**

## TORADH NA nIMEACHTAÍ

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10062/1/22 REV 1 AELE 30 EEE 32 N 44 ISL 22 FL 22 AND 2 MC 2 SM 2 MI 463 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Margadh Inmheánach leathnaithe aonchineálach agus maidir le caidreamh an Aontais le tíortha in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad agus le hOileáin Fharó |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, conclúidí ón gComhairle maidir le Margadh Inmheánach leathnaithe aonchineálach agus maidir le caidreamh an Aontais le tíortha in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad agus le hOileáin Fharó, ar conclúidí iad a ghlac an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 21 Meitheamh 2022.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE MARGADH INMHEÁNACH LEATHNAITHE AONCHINEÁLACH AGUS MAIDIR LE CAIDREAMH AN AONTAIS LE TÍORTHA IN IARTHAR NA hEORPA NACH BALLSTÁIT DEN AONTAS IAD AGUS LE hOILEÁIN FHARÓ

1. I gcomhréir lena conclúidí an 11 Nollaig 2018, rinne an Chomhairle measúnú ar staid fhoriomlán an chaidrimh idir an tAontas Eorpach agus na tíortha seo a leanas in Iarthar na hEorpa nach baill den Aontas iad: Poblacht na hÍoslainne, Prionsacht Lichtinstéin, Ríocht na hIorua, Prionsacht Andóra, Prionsacht Mhonacó agus Poblacht San Mairíne. Rinne an Chomhairle measúnú freisin ar staid an chaidrimh idir an tAontas agus Oileáin Fharó mar thír fhéinrialaitheach laistigh de Ríocht na Danmhairge agus nach bhfuil feidhm ag conarthaí an Aontais maidir léi.

2. Tar éis na gconclúidí uaithi an 19 Feabhra 2019, fillfidh an Chomhairle ar staid fhoriomlán an chaidrimh idir an tAontas agus Cónaidhm na hEilvéise.

3. Déanfaidh an Chomhairle measúnú an athuair ar staid an chaidrimh sin i gceann dhá bhliain, de réir mar is iomchuí.

### COMHARSANA AN AONTAIS EORPAIGH IN IARTHAR NA hEORPA

4. Is iad na tíortha in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad na comhpháirtithe is dlúithe atá ag an Aontas agus é ag féachaint leis an Eoraip a dhéanamh níos láidre, níos sábháilte, níos glaise, níos iomaíche agus níos rathúla. Meabhraítear don Chomhairle a thábhachtaí don Aontas atá an caidreamh leis na comhpháirtithe speisialta sin go léir atá ar aon intinn linn agus atá an-chomhtháite leis an Aontas. Tá an comhar seanbhunaithe eadrainn bunaithe ar bhunluachanna agus bunleasanna atá i gcoitinne againn agus tá an oidhreacht agus an stair atá i gcoitinne againn, chomh maith leis na ceangail láidre chultúrtha agus gheografacha, mar bhonn faoi seo chomh maith.

5. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an aontacht i bhfianaise an fhogha mhíleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin. Molann sí ailíniú na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua le ráitis ón Aontas agus le bearta sriantacha i gcoinne Chónaidhm na Rúise. Is díol sásaimh don Chomhairle na cinntí a rinne Andóra, Monacó agus San Mairíne, mar aon le hOileáin Fharó, bearta sriantacha coibhéiseacha a chur chun feidhme. Cuireann sí i bhfios freisin gur mór aici gníomhaíochtaí eile i gcomhréir leis an Aontas agus a Bhallstáit chun dul i ngleic le fogha míleata Chónaidhm na Rúise, lena n-áirítear sna fóraim iltaobhacha.

6. A bhuí leis an gcomhtháthú eacnamaíoch faoi chuimsiú Mhargadh Inmheánach leathnaithe an Aontais, neartaítear an caidreamh eadrainn a thuilleadh agus déantar idirspleáchas ár rathúnais agus ár n-iomaíochais amach anseo a shainiú. Le 4 bliana anuas, tá feabhas curtha ar an dlúthchaidreamh eadrainn trí roinnt tionscnamh i raon leathan réimsí straitéiseacha.

7. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil ár gcomhtháthú eacnamaíoch ag brath ar lánurraim do cheithre shaoirse an Mhargaidh Inmheánaigh. Dá bhrí sin, tá freagracht ar na Stáit ar fad atá rannpháirteach cheana, nó ar mian leo a leibhéal rannpháirtíochta a mhéadú sa mhargadh inmheánach leathnaithe, a áirithiú go mbíonn sláine agus aonchineálachas ann agus go dtugtar lánurraim do chearta agus d'oibleagáidí cothroma saoránach agus gnólachtaí araon.

8. Is léir ó ghéarchéim COVID-19 a riachtanaí agus a fhiúntaí atá sé seasamh le chéile agus dul i ngleic leis na dúshláin choiteanna le chéile. D'éascaigh córas Dheimhniú Digiteach COVID AE, atá á úsáid ag Stáit CSTE LEE agus ag Andóra, Monacó, San Mairíne agus Oileáin Fharó tar éis dóibh cinntí coibhéiseacha a ghlacadh, taisteal trasteorann gan bhac. Leis an leibhéal ard comhtháthaithe trí Chomhaontú LEE, tá uirlisí den scoth againn chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin i gcomhpháirt le Stáit CSTE LEE. De dheasca na ndúshlán breise a bhaineann leis an bpaindéim, tá Margadh Inmheánach a fheidhmíonn go maith, lena n-áirítear an Margadh Aonair Digiteach, agus infheistíochtaí láidre i bpríomhearnálacha tionsclaíochta de dhíth, rud a bheidh ríthábhachtach chun téarnamh eacnamaíoch a chothú. Maidir le hAndóra, Monacó agus San Mairíne, léirigh géarchéim COVID-19 an gá atá le tuilleadh comhtháthaithe. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht Andóra, Mhonacó agus San Mairíne i gCoiste Slándála Sláinte an Aontais agus tacaíonn sí le rannpháirtíocht i gComhaontuithe maidir le Soláthar Comhpháirteach chun frithbhearta leighis a sholáthar le haghaidh bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte.

9. Tá an Chomhairle tiomanta go hiomlán do dhlús a chur leis na hiarrachtaí domhanda chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, an t-aistriú fuinnimh, an éifeachtúlacht fuinnimh agus an tsoghluaisteacht inbhuanaithe a shaothrú, agus an bhithéagsúlacht agus an comhshaol ina iomláine a chosaint. Tá dlúthchomhar leanúnach idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE, mar aon le hidirphlé feabhsaithe le hAndóra, Monacó agus San Mairíne, thar a bheith tábhachtach maidir leis na saincheisteanna sin.

10. Tugann an Chomhairle dá haire an comhar den chéad scoth i réimsí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais amhail an comhbheartas eachtrach agus slándála (CBES), an chabhair um fhorbairt, an daonlathas, cearta an duine agus an smacht reachta, agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá idirphlé polaitiúil atá dlúth agus córasach. Cuireann an Chomhairle i bhfios gur mór aici ailíniú a comhpháirtithe is dlúithe in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad le hionstraimí agus seasaimh chomhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, tacaíocht láidir le seasaimh an Aontais ar an leibhéal iltaobhach le déanaí, agus leis na bearta sriantacha a forchuireadh ón 24 Feabhra 2022 tar éis an fhogha mhíleata a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin. Tá an Chomhairle ag súil go leanfar den ailíniú láidir sin a thuilleadh le dearbhuithe CBES agus bearta sriantacha, rud atá ríthábhachtach d'aontacht na hEorpa agus don tslándáil dhomhanda.

11. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur gá leanúint den chomhar i bhfóraim idirnáisiúnta idir an tAontas agus a chomhpháirtithe in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad agus feabhas a chur ar an gcomhar sin chun an t-ord domhanda iltaobhach riailbhunaithe a neartú a thuilleadh agus oibriú i gcomhpháirt le chéile ar shaincheisteanna tosaíochta coiteanna, lena n-áirítear cearta an duine, an comhionannas inscne, an tsíocháin agus an tslándáil, agus comhrac an athraithe aeráide.

12. Ós rud é go bhfuil siad gar dá chéile ó thaobh na tíreolaíochta agus na polaitíochta de, tá na dúshláin slándála chéanna roimh an Aontas agus a chomharsana in Iarthar na hEorpa nach Ballstáit den Aontas iad, agus braitheann siad ar a chéile chun an chobhsaíocht náisiúnta agus réigiúnach a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, cuirimid i dtreis a thábhachtaí atá an tslándáil fuinnimh agus comhar agus tacaíocht fhrithpháirteach freisin i réimse shlándáil an tsoláthair fuinnimh, ar sampla an-ábhartha é den idirspleáchas in LEE. Is díol mór sásaimh don Chomhairle comhar an Aontais leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua i réimse an cheartais agus na ngnóthaí baile agus molann sí do SEGS agus don Choimisiún deiseanna a fhiosrú i ndáil leis an méid sin le hAndóra, Monacó agus San Mairíne.

13. Tugann an Chomhairle dá haire gníomhaíochtaí aontaobhacha páirtithe áirithe agus na dúshláin mar thoradh orthu sin a bhaineann le comhbhainistiú na stoc éisc san Atlantach Thoir Thuaidh. Tá géarghá le córais chuimsitheacha chothroma bhainistíochta a chomhaontú chun na tairbhí tábhachtacha eacnamaíocha a bhainimid as na stoic sin a choinneáil, agus chun róshaothrú agus dul i laghad stoc dá bharr sin a sheachaint, córais ina mbeadh freagracht bhainistíochta ar gach Páirtí as na stoic sin, lena n-áirítear an Iorua, an Íoslainn agus Oileáin Fharó.

**POBLACHT NA HÍOSLAINNE**

14. Is mór ag an gComhairle an dlúthchomhar leis an Íoslainn, i réimsí amhail an taighde, an nuálaíocht, an fuinneamh, an beartas don chomhshaol agus don athrú aeráide, an beartas eachtrach, cearta an duine, an comhionannas inscne, agus an ceartas agus gnóthaí baile. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht rathúil na hÍoslainne in iarracht vacsaínithe COVID an Aontais. Tá sí faoi réir an comhar sin a neartú sna réimsí uile a bhaineann leis an leas frithpháirteach. Is comhpháirtí tábhachtach iontaofa í an Íoslainn atá ar aon intinn leis an Aontas. Is díol sásaimh don Aontas ardleibhéal ailínithe na hÍoslainne leis an Aontas maidir le CBES, mar aon leis an gcomhar leis an Íoslainn i bhfóraim idirnáisiúnta.

15. Tá Comhaontú LEE fós mar bhunchloch dár gcaidreamh. I ndáil leis an méid sin, is mian leis an gComhairle an Íoslainn a mholadh as a cuid iarrachtaí an bhéim ar Chomhaontú LEE a mhéadú, lena n-áirítear d'fhonn easnamh trasuímh LEE a laghdú.

16. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar maith leis an Íoslainn maidir le cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme *acquis* Schengen agus a chuid forbairtí agus molann sí don Íoslainn a rannpháirtíocht a neartú maidir le cur chun feidhme an *acquis* tearmainn.

17. Le Beartas nua AE maidir leis an Artach ina ndírítear ar an athrú aeráide, ar shaincheisteanna comhshaoil, ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar an gcomhar idirnáisiúnta, léirítear spéis láidir an Aontais i dtaca le cur leis an rannpháirtíocht trasearnála atá aige san Artach agus í a fhorbairt a thuilleadh. Molann an Chomhairle don Íoslainn, in éineacht leis an Aontas, an straitéis sin a chur chun cinn lena n-áirítear trí rannpháirtíocht ardleibhéil i bhfóraim ábhartha. Is dlúth-chomhpháirtí iontaofa í an Íoslainn maidir le saincheisteanna Artacha agus is fada leis an gComhairle dlús a chur leis an gcomhpháirtíocht speisialta sin go háirithe i réimsí an taighde agus na heolaíochta, na gníomhaíochta chun athléimneacht an athraithe aeráide agus cosc ar thruailliú a fheabhsú. Molann an Chomhairle cathaoirleacht na hÍoslainne ar an gComhairle Artach (2019-2021) a raibh an fhorbairt inbhuanaithe mar théama uileghabhálach aici. Is díol sásaimh di tacaíocht láidir leanúnach na hÍoslainne do stádas breathnóra a thabhairt don Aontas sa Chomhairle Artach agus do rannpháirtíocht an Aontais i bhfóraim ábhartha amhail Tionól an Chiorcail Artaigh.

18. Ag meabhrú di na conclúidí uaithi i mí na Nollag 2018, athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go láidir le caomhnú an mhoratóra maidir le seilg thráchtála míolta móra arna chomhaontú go hidirnáisiúnta agus arna bhunú faoin gCoimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra , agus go dtacaíonn sí freisin le céiticigh agus speicis eile mhuirí a liostú faoin gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES). Agus aird á tabhairt aici ar na comharthaí misnigh a fuarthas le déanaí ón Íoslainn ina leith sin, iarrann an Chomhairle an athuair ar an Íoslainn go mbogfaí ó sheilg thráchtála míolta móra, go n-urramófaí an moratóir maidir le seilg thráchtála míolta móra arna chomhaontú go hidirnáisiúnta agus arna bhunú faoin gCoimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra, agus na forchoimeádais atá aici faoi CITES i ndáil leis an speiceas seo agus speicis mhuirí eile a tharraingt siar.

19. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil gealltanas tugtha ag an Íoslainn astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus molann sí go ndéanfaí dul chun cinn maidir le gealltanais Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh. I bhfianaise an aistrithe ghlais, is fada leis an Aontas an comhar leis an Íoslainn a neartú agus le fios gnó maidir le fuinneamh inathnuaite agus teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe a mhalartú, lena n-áirítear hidrigin agus gabháil agus stóráil carbóin. Tugann an Chomhairle dá haire gur ghlac an Íoslainn páirt i sprioc an Ghealltanais Dhomhanda maidir le Meatán ag an 26ú Comhdháil Pháirtithe Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP26) i mí na Samhna 2021.

## PRIONSACHT LICHTINSTÉIN

20. Tá dea-chaidreamh dinimiciúil idir an tAontas agus Lichtinstéin, agus d'éirigh an caidreamh sin níos láidre arís agus éagsúlaithe ó 2018 i leith. Is mór ag an gComhairle an comhar leanúnach den scoth le Lichtinstéin sna réimsí arna gcumhdach le Comhaontú LEE agus Comhaontú Schengen agus Comhaontú Bhaile Átha Cliath, agus i réimsí eile chomh maith. Is díol sásaimh don Chomhairle na rátaí arda iontaofa trasuímh atá ag Lichtinstéin laistigh de LEE agus is mór ag an gComhairle go háirithe na hiarrachtaí atá dírithe ar aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar dhúshláin choiteanna, lena n-áirítear an t-aistriú digiteach, an t-athrú aeráide agus téarnamh eacnamaíoch iar-COVID-19. Measann sí gur fiú dea-chleachtais a phlé a thuilleadh le Lichtinstéin i réimsí leasa choitinn, amhail córais rialála an bhlocshlabhra.

21. Is díol sásaimh don Chomhairle an méadú atá ag teacht ar an gcomhar idir an tAontas agus Lichtinstéin i gcúrsaí ceartais agus gnóthaí baile ó 2011 i leith, nuair a tháinig Lichtinstéin isteach i limistéar Schengen agus nuair a thosaigh sí ag glacadh páirt i gcóras Bhaile Átha Cliath. I ndáil leis sin, molann an Chomhairle do Lichtinstéin leanúint dá rannpháirtíocht sa phróiseas athshocrúcháin d'iarrthóirí tearmainn.

22. Tá an Chomhairle ag súil leis an gcomhar cuiditheach idir an tAontas agus Lichtinstéin a neartú a thuilleadh i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe faoi chuimsiú na Náisiún Aontaithe, Chomhairle na hEorpa agus na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, go mór mór i réimsí amhail cearta an duine, an ceartas coiriúil idirnáisiúnta, an t-iltaobhachas agus rannpháirteachas na n-óg.

23. Is díol sásaimh don Chomhairle an tiomantas do Chomhaontú Pháras agus na spriocanna aeráidneodrachta faoi 2050 ar a dhéanaí. Tugann an Chomhairle dá haire gur ghlac Lichtinstéin páirt i sprioc an Ghealltanais Dhomhanda maidir le Meatán ag COP26 i mí na Samhna 2021. Tá cur chuige uilechuimsitheach Lichtinstéin i leith na hinbhuanaitheachta ag teacht go maith leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

24. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht Lichtinstéin san uathmhalartú faisnéise idir na húdaráis chánach mar 'luathghlacadóir' den Chomhchaighdeán Tuairiscithe, agus faisnéis á malartú aici ó mhí Mheán Fómhair 2017. Chuir sí leis na hathruithe móra a rinneadh ar fud na cruinne maidir le trédhearcacht cánach le blianta beaga anuas.

25. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar cuiditheach trédhearcach oscailte le Lichtinstéin, arb é is aidhm dó prionsabail agus critéir uile Chód Iompair an Aontais maidir le Cánachas Gnó a chur i bhfeidhm. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh di an creat dlíthiúil a cuireadh i bhfeidhm maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise chun críoch cánach, arna dhearbhú ag Fóram Domhanda ECFE go bhfuil sé i gcomhréir – den chuid is mó – le caighdeáin ECFE maidir le malartú faisnéise arna iarraidh sin. Anuas ais sin, dhearbhaigh an Fóram Domhanda i mí na Samhna 2021 go bhfuil creat dlíthiúil Lichtinstéin maidir le faisnéis faoi chuntais airgeadais a uathmhalartú i bhfeidhm go hiomlán.

## <u>RÍOCHT NA HIORUA</u>

26. Is dlúth-chomhpháirtí iontaofa de chuid an Aontais le fada an lá í an Iorua. Oibríonn an tAontas agus an Iorua le chéile chun aghaidh a thabhairt ar chuid mhór dúshlán coitianta, amhail an t-athrú aeráide, an t-aistriú glas, paindéim COVID-19, an imirce, agus cosaint dár gcuid saoránach. Is caidreamh den scoth atá eadrainn, ar an iomlán, le 4 bliana anuas. Tréaslaíonn an tAontas leis an Iorua as an ról cuiditheach atá aici i gComhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus as a tiomantas don tsíocháin agus don tslándáil.

27. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar láidir leanúnach leis an Iorua i réimse an chomhbheartais eachtraigh agus slándála (CBES) agus i réimse an chomhbheartais slándála agus cosanta (CBSC) a neartaíodh a thuilleadh leis an idirphlé struchtúrtha idir an tAontas agus an Iorua maidir leis an tslándáil agus an chosaint a seoladh i mí an Mhárta 2021. Le blianta beaga anuas, feictear go soiléir an rannchuidiú atá déanta ag an Iorua le CBSC, lena n-áirítear rannpháirtíocht i roinnt misean faoi stiúir an Aontais chomh maith leis na cinn is déanaí i dtionscadal PESCO 'Soghluaisteacht Mhíleata'. Léiríodh an chomhpháirtíocht sin i réimse na slándála agus na cosanta le Compás Straitéiseach an Aontais, a glacadh i mí an Mhárta 2022, agus é mar chuspóir soiléir ag an Aontas an caidreamh sin a dhoimhniú a thuilleadh fiú. Bunaítear comhar idir an tAontas agus an Iorua ar luachanna comhroinnte, go mór mór ar urraim do chearta an duine agus ar phrionsabail dhaonlathacha, agus clúdaítear idirghabháil, cothú na síochána agus an clár oibre idirnáisiúnta don fhorbairt leis an gcomhar sin fosta.

28. Tá tuiscint láidir ar an bhfreagracht ag an Aontas agus ag an Iorua araon i ndáil lenár saoránach, ár dtimpeallacht nádúrtha agus ar na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh. Is díol sásaimh don Chomhairle gur léir go bhfuil an Iorua toilteanach rannchuidiú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais Eorpaigh, gur mian léi leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta sa chomhar idirnáisiúnta maidir leis an aeráid, agus oibriú chun gealltanais Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, in éineacht leis an Aontas. Tugann an Chomhairle dá haire gur ghlac an Iorua páirt i sprioc an Ghealltanais Dhomhanda maidir le Meatán ag COP26 i mí na Samhna 2021. Tugann an Chomhairle dá haire freisin cuspóirí rialtas na hIorua maidir leis an ngeilleagar ciorclach.

29. Is soláthróir mór iontaofa ag an Aontas í an Iorua i gcónaí ó thaobh ola agus gáis de, ach is dlúth-chomhpháirtí í ó thaobh fhoinsí eile fuinnimh a fhorbairt freisin. Tá an dlúthchomhar atá eadrainn fós ríthábhachtach do shlándáil fuinnimh an Aontais agus do chuspóirí an Aontais Fuinnimh agus is cloch choirnéil é don chaidreamh a théann chun tairbhe don dá thaobh, go háirithe sa staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair mar thoradh ar fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin.

30. Is díol sásaimh don Chomhairle Straitéis Artach na hIorua (2020) ina leagtar amach fís na hIorua do limistéar Artach síochánta nuálach inbhuanaithe bunaithe ar institiúidí réigiúnacha. Go háirithe, is mór ag an gComhairle an tacaíocht leanúnach atá á tabhairt ag an Iorua do rannpháirtíocht an Aontais san Artach, lena n-áirítear i gcomhthéacs Fhóram Artach na nGeallsealbhóirí, agus chun go mbeidh an tAontas ina bhreathnóir sa Chomhairle Artach. Is comhpháirtithe lárnacha iad an tAontas agus an Iorua ó thaobh aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an aigéan fosta, ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal réigiúnach araon.

31. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá an Iorua mar cheann de phríomh-chomhpháirtithe trádála an Aontais, agus meabhraítear di an t-athbhreithniú rialta atá beartaithe ar an gComhaontú idir an Iorua agus an tAontas maidir le fabhair thrádála bhreise i ndáil le táirgí talmhaíochta bunúsacha. Is oth leis an gComhairle an easpa dul chun cinn a rinneadh agus athdhearbhaíonn sí go láidir a hiarraidh ar an Iorua páirt ghníomhach a ghlacadh, mar thosaíocht agus gan mhoill, i bpróiseas caibidlíochta cuiditheach maidir le léirscaoileadh trádála i dtáirgí próiseáilte talmhaíochta faoi chuimsiú Airteagal 2(2) agus Airteagal 6 de Phrótacal 3 a ghabhann le Comhaontú LEE. Iarrann an Chomhairle arís go rachfaí i mbun na caibidlíochta an athuair maidir le tásca geografacha a chosaint, ar gné thábhachtach é den trádáil idirnáisiúnta i dtáirgí talmhaíochta agus i mbia-earraí.

32. Mar fhreagairt ar na dúshláin a bhaineann le comhbhainistiú na stoc éisc san Atlantach Thoir Thuaidh, athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil sí toilteanach teacht ar shocruithe déthaobhacha agus iltaobhacha lena n-áiritheofar bainistiú freagrach agus inbhuanaithe an iascaigh ar phríomhacmhainní. Cuireann an Chomhairle in iúl freisin gur cúis imní di an cinneadh aontaobhach maidir leis an toirmeasc ar thrál bíoma ón 1 Deireadh Fómhair amach.

33. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí go láidir le caomhnú an *moratorium* arna chomhaontú go hidirnáisiúnta agus arna bhunú faoin gCoimisiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra, agus go dtacaíonn sí freisin le céiticigh agus speicis eile muirí a liostú faoin gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine atá i mBaol (CITES). Dá réir sin, tathantaíonn sí ar an Iorua stad de chuótaí a eisiúint maidir le míolta móra, an moratóir maidir le seilg thráchtála míolta móra arna bhunú go hidirnáisiúnta agus arna bhunú faoi Choimisiún Idirnáisiúnta na Míolta Móra a urramú go hiomlán, agus na forchoimeádais atá aici faoi CITES i ndáil leis an speiceas seo agus speicis mhuirí eile a tharraingt siar.

## AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH

34. Tugann an Chomhairle dá haire gur lean Comhaontú LEE de bheith ag feidhmiú ar bhealach sásúil in ainneoin na ndúshlán a bhain le paindéim COVID-19. Is díol sásaimh don Chomhairle gur ionchorpraíodh roinnt píosaí reachtaíochta i gComhaontú LEE le 4 bliana anuas, amhail an Treoir um Tháirgí Tobac, an Tríú agus an Ceathrú Pacáiste Iarnróid, na gníomhartha lena mbunaítear Comhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (BEREC) agus an Cód um Chumarsáid Leictreonach Eorpach, reachtaíocht an Aontais maidir le Deimhniú Digiteach COVID an Aontais, an Rialachán maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil margaidh (drochúsáid margaidh) chomh maith leis an Treoir maidir le Dramhaíl. Iarrann an Chomhairle go ndéanfaí iarracht níos mó d'fhonn an reachtaíocht atá ar feitheamh a chur chun feidhme go pras, amhail an pacáiste maidir le cigireacht long, Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc, reachtaíocht i réimse na sábháilteachta eitlíochta, agus i réimse an fhuinnimh.

35. D'ainneoin na n-iarrachtaí uile, tá líon na ngníomhartha de chuid an Aontais atá ar feitheamh lena n-ionchorprú i gComhaontú LEE, ar a dtugtar riaráiste, fós ard. Maidir leis sin, athdhearbhaíonn an Chomhairle go ráthaítear éifeachtúlacht, inbhuanaitheacht agus, i ndeireadh na dála, inchreidteacht an mhargaidh inmheánaigh le prionsabail na haonchineálachta agus na deimhneachta dlíthiúla, agus dá bharr sin, ní foláir go leanfaidh na prionsabail sin de na páirtithe uile a threorú maidir le feidhmiú Chomhaontú LEE.

36. Is díol sásaimh don Chomhairle rannchuidiú neamhchoinníollach na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua chun éagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha a laghdú agus chun tacú le sochaí shibhialta bhríomhar agus shaor in LEE don tréimhse 2014-2021, trí LEE agus Sásraí Airgeadais na hIorua, ionas go mbainfidh Stáit CSTE LEE tairbhe as rochtain a fháil ar an Margadh Inmheánach. Téann an rannchuidiú sin chun tairbhe LEE ina iomláine. Tá súil ag an gComhairle go dtiocfar ar chomhaontú go pras maidir leis na Sásraí Airgeadais don tréimhse 2021-2027 chun an rannchuidiú a chur ar fáil go tráthúil do na Ballstáit is Tairbhithe.

37. Meabhraíonn an Chomhairle go bhforáiltear le hAirteagal 19 de Chomhaontú LEE gur cheart do na Páirtithe Conarthacha leanúint dá n-iarrachtaí léirscaoileadh trádála a bhaint amach de réir a chéile i dtáirgí trádála agus, chuige sin, ba cheart athbhreithnithe a dhéanamh, gach 2 bhliain, ar na coinníollacha trádála i dtáirgí talmhaíochta, d'fhonn féachaint an bhféadfaí aon lamháltais a dhéanamh.

38. Maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé Comhaontú LEE a chosaint, agus áiritheofar leis sin go leanfar le LEE aonchineálach dea-fheidhmitheach agus go gcaomhnófar sláine an Mhargaidh Inmheánaigh. Chuidigh an dlúth-idirphlé agus an malartú leanúnach faisnéise a bunaíodh idir an tAontas agus Stáit LEE CSTE maidir le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe leis an oiriúnú rianúil.

39. Dhearbhaigh an tAontas agus Stáit LEE CSTE go mion minic go dtacaíonn siad le comhaontú LEE. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di an bhéim mhéadaitheach a chuirtear ar iarrachtaí for-rochtana poiblí agus ar iarrachtaí cumarsáide, chun cur leis an bhfeasacht i leith a thábhachtaí atá Comhaontú LEE ó thaobh comhtháthú eacnamaíoch a chur ar aghaidh idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE agus maidir lenár leasanna coitianta a chosaint.

**PRIONSACHT ANDÓRA, PRIONSACHT MHONACÓ AGUS POBLACHT SAN MAIRÍNE**

40. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di gur láidre fós an caidreamh iontach atá idir an tAontas agus Andóra, Monacó agus San Mairíne le 4 bliana anuas.

41. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht a seoladh i mí an Mhárta 2015 d'fhonn Comhaontú Comhlachais amháin nó roinnt Comhaontuithe Comhlachais ('an Comhaontú') a thabhairt chun críche agus tugann sí dá haire agus is díol sásaimh di go bhfuil siad ag céim chinntitheach anois. Tá sí ag tnúth le tuilleadh dul chun cinn suntasach, go háirithe maidir le saincheisteanna atá íogair ó thaobh na polaitíochta de agus é mar chuspóir aici bailchríoch a chur ar an bplé maidir leis an gComhaontú faoi dheireadh 2023.

42. Foráiltear sa Chomhaontú do rannpháirtíocht Andóra, Monacó agus San Mairíne i margadh inmheánach an Aontais, agus do chomhar leis an Aontas i réimsí beartais eile. Cuireann an Chomhairle chun suntais gur cheart an t-ardleibhéal comhtháthaithe leis na trí chomhpháirtí a bheartaítear leis an gComhaontú a bheidh ann amach anseo a bhunú, *inter alia*, ar leasanna frithpháirteacha agus ar luachanna comhroinnte, ar cheithre shaoirse an mhargaidh inmheánaigh agus ar bheartais chothrománacha agus tionlacain lena mbaineann, ar chothrom na Féinne a bhunú, ar dhea-rialachas cánach agus ar ailíniú leis an *acquis*, go háirithe san earnáil airgeadais, chomh maith le fondúireachtaí institiúideacha atá láidir agus athléimneach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart freisin an Comhaontú a bheidh ann amach anseo a bhunú ar dhea-fheidhmiú agus aonchineálacht an mhargaidh inmheánaigh agus ar dheimhneacht dhlíthiúil, ach sainiúlachtaí gach tíre á gcur san áireamh ag an am céanna mar aon lena staideanna ar leith féin, i gcomhréir leis an Dearbhú ar Airteagal 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

43. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an gcuid choiteann den Chomhaontú, go háirithe chun creat institiúideach a bheidh comhleanúnach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú. Ba cheart a áireamh leis sin, go háirithe, sásraí institiúideacha le haghaidh comhairliúcháin idir na páirtithe lena n-áiritheofar dea-fheidhmiú agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe; seilbh na dtrí thír ar *acquis* an Aontais ar bhealach dinimiciúil a áirithiú; foráil a dhéanamh do chur i bhfeidhm aonfhoirmeach fhorálacha an Chomhaontaithe agus do léiriú comhsheasmhach orthu, lena n-áirítear sásra um réiteach díospóidí atá cothrom, éifeachtach agus éifeachtúil.

44. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn ginearálta a rinneadh sa chaibidlíocht maidir leis an ailíniú ar an *acquis* ábhartha le hAndóra, Monacó agus San Mairíne. Tugann sí dá haire agus is díol sásaimh di cumas riaracháin níos fearr na dtrí chomhpháirtí agus an comhar níos treise atá acu leis na Ballstáit, ar cheart leanúint leis chun a áirithiú go ndéanfar ailíniú go mear leis an *acquis* le linn na caibidlíochta agus ina diaidh, chomh maith le maoirseacht agus forfheidhmiú láidir i gcomhréir le caighdeáin an Aontais, go háirithe i réimse na seirbhísí airgeadais. Maidir leis sin, spreagann an Chomhairle an Coimisiún oibriú go tráthúil ar bhealaí chun dul ar aghaidh le maoirseacht a dhéanamh ar sheirbhísí airgeadais chun teacht ar réiteach sásúil do na páirtithe uile.

45. Tá an tAontas tiomanta mar thosaíocht dlús a chur leis an gcaibidlíocht agus dul i ngleic go mear le saincheisteanna atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a bhaineann leis na ceithre shaoirse chun dul i dtreo na caibidlíochta, a bhféadfadh comhaontú aonair a bheith mar thoradh uirthi faoi dheireadh 2023 más féidir, le trí phrótacal a bhaineann le trí thír agus iarscríbhinní maidir leis an *acquis*. Spreagann sé na páirtithe uile leanúint ar aghaidh go gníomhach lena n-iarrachtaí sa treo sin. Is céim riachtanach chuige sin treochlár suas go dtí 2023 a bhunú.

46. Is díol sásaimh don Chomhairle gur thángthas ar réiteach atá sásúil don dá thaobh maidir le hidirthréimhse d'earnáil an tobac in Andóra. Cuireann sí chun suntais an gá atá ann plé a dhéanamh go pras leis na trí chomhpháirtí maidir leis na saincheisteanna polaitiúla eile. Cuireann sí i bhfios go láidir nach mór údar a bheith le heisceachtaí ó rialacha an mhargaidh aonair agus iad a bheith comhréireach ó thaobh raon feidhme agus tréimhse de. Meabhraítear di a thábhachtaí atá sé prionsabal na saorghluaiseachta daoine laistigh den Mhargadh Aonair a urramú agus reachtaíocht agus cleachtais saothair agus slándála sóisialta Andóra, Mhonacó agus San Mairíne a oiriúnú do chaighdeáin an Aontais agus do chaighdeáin idirnáisiúnta. Chuideodh ballraíocht san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair freisin chun an reachtaíocht sin a oiriúnú.

47. Tugann an Chomhairle dá haire na hiarrachtaí cumarsáide a rinne Andóra, Monacó agus San Mairíne maidir leis an gComhaontú, go háirithe na gníomhaíochtaí a rinne rialtas Andóra chun an pobal a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leis an bpobal maidir le toradh na caibidlíochta, agus molann sí dóibh uile leanúint leis na hiarrachtaí sin mar ghné thábhachtach chun go n-éireoidh leis an gcaibidlíocht sin sa chéim dheireanach sin.

48. Maidir leis an mbeartas eachtrach, is díol sásaimh don Chomhairle an comhar leanúnach leis na comhpháirtithe sin atá ar aon intinn leo i bhfóraim iltaobhacha go háirithe i gcreat na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear trí dhlúththeagmhálacha agus ailíniú le seasaimh an Aontais, trí dhearbhuithe agus trí bhearta sriantacha coibhéiseacha a chur chun feidhme, a cuireadh chun suntais go háirithe mar fhreagairt ar an bhfogha míleata atá tugtha ag an Rúis gan chúis gan údar faoin Úcráin. Tacaíonn an Chomhairle leis an gcomhar a threisiú a thuilleadh trí chreat a bhunú le haghaidh idirphlé déthaobhach polaitiúil maidir leis an mbeartas eachtrach le gach ceann de na tíortha agus trí phróiseas struchtúrtha, córasach chun iad a ailíniú leis an Aontas maidir le hábhair a bhaineann leis an CBES. Ba cheart an comhar a chomhdhlúthú agus a neartú a thuilleadh, go háirithe trí Andóra, Monacó agus San Mairíne a áireamh i ngrúpa tíortha a n-iarrtar orthu ailíniú go córasach le Dearbhuithe CBES ón Ardionadaí thar ceann an Aontais agus bearta sriantacha an Aontais.

49. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhar cuiditheach trédhearcach oscailte le hAndóra, Monacó agus San Mairíne, agus é mar aidhm prionsabail idirnáisiúnta i dtaca le dea-rialachas cánach agus critéir uile Chód Iompair an Aontais maidir le Cánachas Gnó a chur i bhfeidhm. Is díol sásaimh don Chomhairle freisin na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag Andóra, Monacó agus San Mairíne chun a reachtaíocht chánach agus cleachtais chánacha a chur in oiriúint do chaighdeáin an Aontais agus do chaighdeáin idirnáisiúnta. Cuireann sí i dtreis an gá atá le hailíniú iomlán le caighdeáin an Aontais ionas nach gcruthófar bealaí éalaithe laistigh den Mhargadh Aonair.

50. Tugann an Chomhairle dá haire agus is díol sásaimh di go ndeachaigh Andóra isteach sa Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta agus i mBanc Forbartha Chomhairle na hEorpa (BCE) in 2020, as ar eascair dhá iasacht ón mBanc Ceannais Eorpach, agus gur chuidigh sé le cuspóir Andóra a gheilleagar a éagsúlú sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Tá an iarraidh ó Andóra go ndéanfaidh an Banc Eorpach Infheistíochta é a mheas mar thír oibríochtúil á breithniú freisin agus táthar ag súil le freagra go luath.

51. Measann an Chomhairle freisin gur fiú an comhar a neartú i réimse an aistrithe dhigitigh agus ghlais, ós rud é gur tosaíochtaí coiteanna iad sin le hAndóra, Monacó agus San Mairíne. Maidir le cosaint na n-aigéan, molann an Chomhairle rannpháirtíocht Mhonacó sa Chomhghuaillíocht Ard-Uaillmhéine ar Bhithéagsúlacht lasmuigh den dlínse náisiúnta. Is díol sásaimh don Chomhairle go gcuimsítear San Mairíne i Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (EUSAIR) agus tá sí ag tnúth le comhar feabhsaithe sa chreat sin.

52. Molann an Chomhairle do na geallsealbhóirí uile tabhairt faoin bhfor-rochtain phoiblí chun cur leis an bhfeasacht faoin bpríomhról a d’fhéadfadh a bheith ag an gcaidreamh maidir le cóineasú seasamh níos fearr a bhaint amach maidir le heagraíochtaí idirnáisiúnta, chun éagsúlú eacnamaíoch a chothú agus chun comhtháthú eacnamaíoch idir an tAontas agus Andóra, Monacó agus San Mairíne a chur chun cinn.

**OILEÁIN FHARÓ**

53. Measann an Chomhairle go gciallaíonn suíomh straitéiseach Oileáin Fharó san Atlantach Thuaidh gur comhpháirtí tábhachtach de chuid Aontais iad Oileáin Fharó maidir le roinnt beartas an Aontais, lena n-áirítear i ndáil le Beartas Artach an Aontais. Is mór ag an gComhairle an comhar atá ann cheana le hOileáin Fharó i réimsí amhail an trádáil, an dobharshaothrú, an taighde, an nuálaíocht agus saincheisteanna an Atlantaigh Thuaidh laistigh de réimsí inniúlachtaí na bPáirtithe.

54. Is díol sásaimh don Chomhairle gur síníodh an Comhaontú maidir le rannpháirtíocht Oileáin Fharó i gcláir an Aontais agus maidir le comhlachas Oileáin Fharó le Fís Eorpach. Cuireann an Chomhairle chun suntais an t-aistriú glas in Oileáin Fharó agus ar thionscadail chun fuinneamh inbhuanaithe a fhorbairt agus ba dhíol sásaimh di tuilleadh comhair leis an Aontas sa réimse sin.